Beartas Frithbhulaíochta

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Chualann mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

Is gá do phobal uilig na scoile cloí leis an bpolasaí seo.

2. Príomhphrionsabail deá-chleachtais

Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail deá-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.:

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
    - Ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
    - Ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach;
    - Ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn i measc phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoil uilig;
- Tuiscint ag pobal uilig na scoile ar céard is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
    - a chothaíonn ionbhá, meas agus seasmhacht sna daltaí; agus
    - a théann i ngleic leis an gcibearthromaíocht agus le tromaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus transfóbach.
- Feighlíocht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíocht don fhoireann;
- Taifead, fiosrú agus athbhreithniú leantach ar iompar bulaíochta (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála) agus
- Meastóireacht leanúnach ar éifeacht an pholasaí seo.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht: **An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamh iarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.**

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí

príobháideacha eile agus déiláileofar leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.
Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.
Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.
Tá tuilleadh eolais faoi fhoirmeacha éagsúla tromaíochta ar fáil i cuid 2.2 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile.
Baineann an polasaí seo le gníomhaíochtaí agus imeachtaí a tharlaíonn:

- le linn am scoile (am sosa, am lóin agus sosanna eile san áireamh)
- ar thurais scoile
- le linn gníomhaíochtaí seach-churaclam
- ag teacht ar scoil agus ag filleadh ón scoil

Tá sé de cheart ag Scoil Chualann gníomhú i gcoinne tromaíochta a dhéantar taobh amuigh den scoil ach a chuireann isteach ar chúrsaí scoile.

4. Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha sa scoil seo a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:

An Príomhoide: Michelle Ní Thuama
An Príomhoide Tánaisteach: Aoife Ní Dhomhnaill
Gach múinteoir ranga agus an fhoireann thacaíocht foghlama
Féadfaidh múinteoir ar bith gníomhú mar mhúinteoir ábhartha más gá

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe

Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe lena n-áirítear straitéisí a dhírítear go sonrach ar chibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus transfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil:

- Múintear an Cód Disciplín do pháistí uilig na scoile.
- Múintear an polasaí frithbhulaíochta (Is páiste cineálta mé. Tuigim go bhfuil sé de cheart ag gach duine mothú slán sábháilte ar scoil. Ní dhéanaim tromaíocht agus ní thacaím le tromaíocht) do pháistí uilig na scoile.
- Tá póstaeir crochta ar fud na scoile agus sna seomraí ranga a dhéanann tagairt don pholasaí
- Déantar an polasaí seo a mhíniú ag an tionóil ag tús na scoilbhliana chun a chinntiú go dtuigeann na páistí é
- Déantar tagairt do gnéithe den dá pholasaí go rialta ag an tionóil laethúil
- Úsáidtear cur chuige scoile uilig chun an clár Bí Sábháilte a mhúineadh sa dara téarma
- Cuirtear an-bhéim ar fhorbairt na féinmhuiníne agus an fhéinmheasa sna hábhair churaclaim go léir ach go speisialta san Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte, Múintear na cláir Misneach, Oideachas Caidrimh Gnéasachta, Bí Sábháilte agus Webwise mar chuid den OSPS)
- Fáinne feasa
- Córas na gCairde do na naíonáin bheaga. Cabhraíonn Rang a 6 leo sa chlós.
- Múintear scileanna do na páistí ionas go mbeidh siad in ann coimhlint a réiteach.
- Míneofar an cód disciplín agus an polasaí frithbhulaíochta do pháistí go bhfuil riachtanais speisialta acu trí úsáid a bhaint as scéalta sóisialta. Déantar seo chun cur le féinmhuinín an pháiste.
- Seachtain an Chairdis
- Cainteanna do thuismitheoirí
- Boscaí do mholtaí sna seomraí ranga agus sa halla
- Lá frithbhulaíochta

Deá-chleachtas chun cibearthromaíocht a sheachaint

- Cuirfear pobal na scoile ar an eolas maidir le cibearthromaíocht
- Molfar do na páistí gan teachtaireacht/posting a fhreagairt ach é a thaifead, a bhlocáil agus é a thaispeáint nó labhairt faoi le daoine fásta go bhfuil muinín acu iontu
- Díreofar ar an gcibearthromaíocht ag an tionóil scoile go tráth rialta
- Múinfear ceachtanna a bhaineann le sábháilteacht ar an idirlíon mar chuid den OSPS i Ranganna 5 agus 6 (Web Wise)
- Aoi-chainteoir ag caint le ranganna 5 agus 6 faoin gcibearthromaíocht
- Tugtar cuireadh don Garda áitiúil teacht chun cainte le páistí Ranganna 5 agus 6 chun contúirtí na cibearthromaíochta a mhíniú
- Eagraítear cruinnithe eolais chun oideachas a chur ar thuismitheoirí (CARI, Barnardo's, Garda áitiúil) maidir leis an gcibearthromaíocht
- Tá idirlíon na scoile faoi chúram an NCTE. Níl fáil ag páistí ar suíomhanna gréasáin dá gcuid féin
- Baintear úsáid as polasaí úsáid idirlín na scoile chun cibearthromaíocht a sheachaint.

Níl sé de cheart ag aon dalta faoi 14 a bheith cláraithe le Facebook no Instagram.
Tá sé mídhleathach a leithéid a dhéanamh.

6.Gnásanna chun Bulaíocht a Fhiosrú agus Láimhseáil
Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta.

Is é an phríomhaidhm a bhaineann le bulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil ná ceisteanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir (seachas milleán a leagan ar dhuine).

Cloífear leis an gcur chuige seo a leanas:
Déanfar gach iarracht a chinntiú go dtuigfidh gach duine atá rannpháirteach (daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh) an cur chuige seo ón tús.
Féadfaidh dalta nó tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar bith eachtraí bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoirí ar bith sa scoil.
Fiosróidh agus láimhseálfaidh an múinteoir ábhartha gach tuairisc, ina measc tuairiscí anaithnide ina measc.
Ní mór do bhaill foirne teagaisc agus neamh theagaisc, (rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta, tionlacaithe bus, airígh, glantóirí) aon eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha.

1. Déanfaidh an múinteoir ranga/an múinteoir atá i bhfeighil an chlóis /an múinteoir ábhartha eachtra tromaíochta a chlárú sa leabhar clóis/eachtraí. Cuirfear an múinteoir ranga ar an eolas faoi.
2. Déanfar an eachtra a fhiosrú (taobh amuigh den seomra ranga): Céard a tharla? Cár tharla sé? Cén uair/Cathain a tharla sé? Cén fáth gur tharla sé? Is féidir le daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás eolas úsáideach a chur ar fáil.
3. Más grúpa atá i gceist cuirfear agallamh ar gach duine den ghrúpa ina aonar. Labhrófar leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Iarrfar ar gach ball den ghrúpa cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí chun a bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile. Tabharfar tacaíocht do na páistí sa ghrúpa seo tar éis an agallaimh ar fhaitíos go mbeidh siad faoi bhrú de bharr na fianaise atá tugtha acu.
4. Déanfar iarracht an cheist a réiteach agus an gaol a bhí idir na páirtithe a chur ina cheart más féidir.
5. Tá sé de cheart ag an scoil a iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an eachtra cuntas a scríobh chun cúrsaí a shoiléiriú.
6. Má chinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar tromaíochta cuirfear ar shúile an dalta sin gur sháraigh siad polasaí frithbhulaíochta na scoile agus iarrfar orthu féachaint ar an scéal ó thaobh an dalta go ndearnadh tromaíocht orthu.

7. Má chinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh tromaíocht, déanfar teagmháil chomh luath agus is féidir le tuismitheoirí an dalta a bhí ag gabháil d'iompar tromaíochta chun an scéal a mhíniú dóibh. Déanfar tagairt do pholasaí frithbhulaíochta na scoile agus na bearta a dhéanfar á míniú dóibh. Tabharfar deis do na tuismitheoirí na bealaí go bhféadfaidh siad tacú le bearta na scoile agus tacú le páistí a phlé na scoile go ndearnadh tromaíocht orthu a phlé. Geallfaidh an dalta nach dtarlóidh a leithéid arís agus scríobhfaidh siad "Ní tharlóidh sé seo arís" seo más gá.
8. Is ceist phríobháideach í más gá úsáid a bhaint as smachtbhannaí idir an dalta atá á smachtú, a t(h)uismitheoir í agus an scoil. Ní bhaineann sé le haon duine eile.
9. Coinneofar súil ar chursaí chun a chinntiú go bhfuil an scéal réitithe. Déanfar clárú ar na bearta a rinneadh. Déanfar athbhreithniú ar an scéal go tráthrialta.
10. Cuirfear an cód iompair scoile i bhfeidhm má cheapann an múinteoir ábhartha agus an príomhoide go bhfuil gá leis.
11. Má shíleann an múinteoir ábhartha nár déileáladh mar ba cheart leis an iompar tromaíochta taobh istigh de 20 lá scoile tar éis dó/di a chinneadh gur tharla iompar tromaíochta is gá é sin a thaifead sa teimpléad atá ar in Aguisín 3 Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile.
12. Muna réiteofar cás cuirfear an cás i láthair na Bainistíochta. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas maidir leis an méid teimpléad más ann dóibh atá comhlíonta.
13. Muna bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás tromaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo cuirfear na gnásanna scoile maidir le gearán a dhéanamh in iúl don tuismitheoir.
14. Sa chás go mbaineann an tuismitheoir úsáid as gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh agus nach bhfuil sé/sí sásta fós, tá sé de cheart acu gearán a dhéanamh le hOmbudsman na leanaí.

7. I gcás teagmhais chibearbhulaíochta (daltaí á gcibearbhulaíocht)

1. Cuirfear in iúl do leanaí gan freagra a thabhairt ar theachtaireachtaí a chiapann nó a chuireann as dóibh
2. Cuirfear in iúl do leanaí an teachtaireacht a choinneáil (beidh fianaise ag teastáil), bac a chur ar an seoltóir agus insint do dhuine a bhfuil muinín acu as
3. Déanfar imscrúdú ar aon eachtra a thuairiscítear do phríomhoide na scoile agus cuirfear faoi bhráid na nGardaí é áit a bhfuil dóthain cruthúnais ann gur tharla an chibearbhulaíocht

I gcás teagmhais chibearbhulaíochta (múinteoir á chibearbhulaíocht)

Cuirfear in iúl do mhúinteoirí ábhar maslach a ghabháil agus a thuairisciú (beidh fianaise ag teastáil). Tabharfar an fhianaise seo do na Gardaí. Tabharfar tacaíocht do leanaí a ndearnadh bulaíocht orthu agus tabharfar an deis dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí atá deartha chun a bhféinmheas a ardú. Rachaidh an scoil i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí cuí má theastaíonn tuilleadh tacaíochta ó leanbh. Tabharfar tacaíocht freisin do leanaí a bhfuil baint acu le hiompar bulaíochta ar bhonn leanúnach. Dóibh siúd a bhfuil féinmheas íseal acu, forbrófar deiseanna chun mothúcháin fiú a mhéadú.

Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:

(Féach 6.8 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile):

Cuirfear gach tacaíocht agus deis in-scoile ar fáil do dhaltaí a fhulaingíonn an bhulaíocht chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a leagtar amach chun a bhféinmhuinín a mhéadú. Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaí breise de dhíth ar dhaltaí, déanfaidh an scoil a dícheall dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí cuí chun é sin a eagrú. Tabharfar tacaíocht leantach dóibh seo a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil d'iompar bulaíochta. Tabharfar deiseanna do dhaltaí go mbíonn deacrachtaí acu le cúrsaí féinmheasa chun cur leis an bhféinmheas céanna.

1) Múinfear na gnéithe den chód a thugann misneach dóibh siúd go ndéantar bulaíocht orthu, "Tuigim go bhfuil sé de chead ag gach duine mothú slán sábháilte ar scoil, Ní dhéanaim tromaíocht. Ní thacaím le tromaíocht"
2) Meabhraítear na gnéithe den chód a thugann misneach dóibh seo a ghabhann d'iompar bulaíochta.
3) Fáinne feasa

4) Coiste Glas
5) Córas na gCairde
6) Cór na nÓg
7) Traenáil agus Cluichí
8) Bí Sábháilte
9) Scríobh leabhar
10) Mind Me Mind You
11) Bosca Buairt

8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí
Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cleachtais agus beartais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

9. An Ciapadh a Chosc
Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

10. Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an **18 Meitheamh 2014.**

11. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

12. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoil agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Nóta: Tá athrú ar an gcur i láthair roinnt cláracha de bharr srianta Covid 19.

Sínithe: Máire Uí Airmhighe	**Sínithe:** Michelle Ní Thuama
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta	Príomhoide
Dáta: 7.9.2022	Dáta: 7.9.2022

Suíomhanna Gréasáin:
www.spunout.ie
www.childnet.int.org
www.kidsmart.org.uk/beingsmart
www.antibullying.net
www.bbc.co.uk./schools/bullying
http://ie.reachout.com
www.childline.ie/index.php/support/bullying/1395
www.abc.tcd.ie
www.chatdanger.com
www.sticksandstones.ie
www.kidpower.org
www.internetsafety.ie
www.webwise.ie
www.watchyourspace.ie
www.barnardos.ie

Beartas Frithbhulaíochta ar Líne

Tá sé mar aidhm ag Scoil Chualann a chinntiú go bhfuil leanaí sábháilte agus go mbraitheann siad sábháilte ó bhulaíocht, ciapadh agus idirdhealú. Tá an scoil seo tiomanta do mhúineadh do pháistí an t-eolas agus na scileanna a bheidh in ann TFC a úsáid go héifeachtach, go sábháilte agus go freagrach.

Cibearbhulaíocht a thuiscint:

- Is í an chibearbhulaíocht úsáid TFC (fón póca agus an t-idirlíon de ghnáth) chun mí-úsáid a bhaint as duine eile
- Is féidir é a dhéanamh in áit ar bith agus go leor daoine a bheith páirteach ann
- Is féidir díriú ar dhuine ar bith lena n-áirítear daltaí agus foireann na scoile
- Is féidir bagairtí, imeaglú, ciapadh, cibear-stalcaireacht, vilification, clúmhilleadh, eisiamh, diúltú piaraí, pearsanú, foilsiú neamhúdaraithe faisnéise nó íomhánna príobháideacha etc. a áireamh leis.
- Cé go mbaineann an bhulaíocht le hiompar nach bhfáiltítear roimh ré, deir na **Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus iar-Bhunscoileanna, Meán Fómhair 2013:**
  2.1.3. Ina theannta sin, i gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, measfar gur iompar bulaíochta iad an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas a chuireann teachtaireacht, íomhá nó ráiteas aonuaire ar shuíomh líonra sóisialta nó ar fhóram poiblí eile inar féidir breathnú ar an teachtaireacht, ar an íomhá nó ar an ráiteas sin agus/nó arís agus arís eile ag daoine eile.

Cad is cibearbhulaíocht ann?

Tá go leor cineálacha cibearbhulaíochta ann. Is iad seo na cineálacha is coitianta:

1. **Teachtaireachtaí téacs** - is féidir a bheith bagrach nó míchompord a chothú chomh maith leis sin san áireamh anseo tá 'Bluejacking' (teachtaireachtaí téacs gan ainm a sheoladh thar achair ghearra ag baint úsáide as teicneolaíocht Bluetooth gan sreang)
2. **Pictiúr / gearrthóga físe trí cheamaraí fón póca** - íomhánna a sheoltar chuig daoine eile chun an t-íospairteach a bhagairt nó náire a chur orthu.
3. **Glaonna fón póca** – glaonna ciúin, teachtaireachtaí maslacha nó fón an íospairtigh a ghoid agus é a úsáid chun daoine eile a chiapadh, chun a chreidiúint go bhfuil an t-íospairteach freagrach
4. **Ríomhphoist** - ríomhphoist atá bagrach nó bulaíochta, a sheoltar go minic, ag baint úsáide as ainm bréige nó ainm duine eile
5. **Bulaíocht seomra comhrá** - freagraí a chur ar leanaí nó ar dhaoine óga nuair a bhíonn siad i seomra comhrá gréasán bhunaithe.
6. **Teachtaireachtaí meandaracha (IM)** - teachtaireachtaí míthaitneamhacha a sheoltar agus déanann leanaí comhráite fíor-ama ar líne ag baint úsáide as MSM (Microsoft Messenger), Yahoo Chat nó uirlisí dá leithéid
7. **Bulaíocht trí láithreáin ghréasáin** - úsáid blaganna clúmhillteacha (logaí gréasáin), láithreáin ghréasáin pearsanta agus láithreáin phearsanta 'spás gréasáin féin' ar líne ar nós You Tube, Facebook, Ask.fm, Bebo (a oibríonn trí shíniú ar scoil amháin, rud a chiallaíonn go bhfuil sé éasca íospartach a aimsiú) agus Myspace - cé go bhfuil daoine eile ann.

Míniú ar théarmaí slang a úsáidtear agus tagairt á déanamh do ghníomhaíocht chibearbhulaíochta:

1. **'Flaming':** Troideanna ar líne ag baint úsáide as teachtaireachtaí leictreonacha le teanga feargach agus vulgar
2. **'Ciapadh':** Teachtaireachtaí ionsaitheacha, míshásta agus maslacha á seoladh arís agus arís eile
3. **'Cibear-Stalcaireacht':** Teachtaireachtaí a sheoladh arís agus arís eile lena n-áirítear bagairtí díobhála nó atá an-imeaglú nó ag gabháil do ghníomhaíochtaí eile ar líne a chuireann eagla ar dhuine as a shábháilteacht féin
4. **'Díghrádú':** 'Dí-armáil' duine ar líne. Gossip éadrócaireach nó ráflaí a sheoladh nó a phostáil faoi dhuine chun damáiste a dhéanamh dá cháil nó dá cairdeas
5. **'Impersonation':** Ag ligean ort a bheith i do dhuine eile agus ábhar a sheoladh nó a phostáil ar líne a breathnaíonn an duine go dona, faigheann sí /dó i dtrioblóid nó i mbaol, nó a dhéanann damáiste di/a cháil nó a chairdeas

6. ***'Outing and Trickery'*:** Duine éigin a chleasú i nochtadh faisnéis rúnda nó náire a roinntear ansin ar líne
7. **'Eisiamh':** Duine a eisiamh d'aon ghnó ó ghrúpa ar líne, cosúil le 'liosta cairde'

Níl an liosta seo uileghabhálach agus leanann na téarmaí a úsáidtear ag athrú.

Aidhmeanna beartais:

- Chun a chinntiú go dtuigeann daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí cad é an chibearbhulaíocht agus conas is féidir é a chomhrac
- Chun a áirithiú go n-aontaítear le cleachtais agus nósanna imeachta chun teagmhais chibearbhulaíochta a chosc
- Chun a áirithiú go ndéileálfar go héifeachtach agus go tapa le teagmhais thuairiscithe cibearbhulaíochta.

Nósanna imeachta chun cibearbhulaíocht a chosc:

- Cuirfear an fhoireann, na daltaí, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta (BoM) ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an gcibearbhulaíocht trí úsáid a bhaint as cleachtaí cuí múscailte feasachta
- Foghlaimeoidh daltaí faoi chibearbhulaíocht trí Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), tionóil, gníomhaíochtaí seachtaine cairdeas agus tionscadail churaclaim eile
- Rachaidh an scoil i mbun cainte chun ceardlann a éascú ar chibearbhulaíocht don 5ú agus don 6ú rang gach bliain. Beidh ranganna 1 go 6ú páirteach sa chlár 'Bulaíocht i gCíbear-Domhan'.
- Cabhróidh CPD foirne (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) le foghlaim faoi theicneolaíochtaí reatha
- Cuirfear eolas agus comhairle ar fáil do thuismitheoirí maidir le conas an chibearbhulaíocht a chomhrac
- Síneoidh daltaí conradh um Úsáid Inghlactha TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)
- Beifear ag súil go síneoidh tuismitheoirí conradh Um Úsáid Inghlactha TFC roimh chlárú agus a bhrí lena leanaí a phlé
- Iarrfar ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí gach teagmhas cibearbhulaíochta a thuairisciú don scoil
- Déanfar imscrúdú, taifeadadh, stóráil i dtuairiscí uile na cibearbhulaíochta in oifig an phríomhoide agus faireachán a dhéanamh orthu go rialta
- Beidh feidhm ag nósanna imeachta inár bPolasaí Frithbhulaíochta scoile
- Déanfar teagmháil leis na póilíní i gcásanna ina bhfuil ábhar mídhleathach iarbhír nó amhrasta
- Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí seo. Beidh daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne páirteach in athbhreithniú agus athdhréachtú a dhéanamh ar an bpolasaí seo agus ar aon nós imeachta scoile gaolmhar

Eolas do dhaltaí:

Má tá bulaíocht á dhéanamh ort ar an nguthán nó ar an Idirlíon:

- Cuimhnigh, ní ortsa an locht riamh ar an mbulaíocht. Is féidir é a stopadh agus is féidir é a rianú de ghnáth.
- Ná déan neamhaird den bhulaíocht. Inis do dhuine a bhfuil muinín agat as, mar mhúinteoir nó tuismitheoir nó glaoigh ar líne chomhairle.
- Déan iarracht fanacht socair. Má tá eagla ort, déan iarracht é a thaispeáint chomh beag agus is féidir. Ná bí feargach, seans go leanfaidh an duine ar aghaidh leis an mbulaíocht.
- Ná tabhair amach do shonraí pearsanta ar líne - má tá tú i seomra comhrá, ná habair cá bhfuil cónaí ort, an scoil a théann tú chuige, do sheoladh ríomhphoist etc. Is féidir leis na rudaí seo go léir cabhrú le duine atá ag iarraidh dochar a dhéanamh duit pictiúr a thógáil díot.
- Coinnigh agus sábháil aon ríomhphoist bhulaíochta, teachtaireachtaí téacs nó íomhánna. Ansin is féidir leat iad a thaispeáint do thuismitheoir nó do mhúinteoir mar fhianaise.
- Más féidir leat, tóg nóta faoin am agus seoladh teachtaireachtaí nó íomhánna bulaíochta, agus tabhair faoi deara aon sonraí faoin seoltóir
- Tá go leor comhairle ar líne ann maidir le conas freagairt don chibearbhulaíocht. Mar shampla www.reachout.com agus www.wiredsafety.org roinnt leideanna úsáideacha.

Téacs/teachtaireachtaí físe

- Is féidir leat stop a chur go héasca ag fáil teachtaireachtaí téacs ar feadh tamaill trí theachtaireachtaí isteach a chasadh as ar feadh cúpla lá. D'fhéadfadh sé seo stop a chur leis an duine a théacsaíonn tú toisc go gcreidfeadh siad gur athraigh tú d'uimhir theileafóin
- Má leanann an bhulaíocht, is féidir leat d'uimhir theileafóin a athrú. Iarr ar do sholáthraí seirbhíse

soghluaiste faoi seo.

- Ná tabhair freagra maslach nó imní nó teachtaireachtaí físe.
- Beidh uimhir ag do sholáthraí seirbhíse soghluaiste duit glaoch nó téacs chun bulaíocht teileafóin a thuairisciú. Tabhair cuairt ar a láithreán gréasáin le haghaidh sonraí.
- Ná scrios teachtaireachtaí ó cyber bullies. Ní gá duit iad a léamh, ach ba chóir duit iad a choinneáil mar fhianaise.

Suíomhanna Gréasáin

www.spunout.ie
www.childnet.int.org
www.kidsmart.org.uk/beingsmart
www.antibullying.net
www.bbc.co.uk./schools/bulaíocht
http://ie.reachout.com
www.childline.ie/index.php/support/bullying/1395
www.abc.tcd.ie
www.chatdanger.com
www.sticksandstones.ie
www.kidpower.org

Tiomsaithe i gcomhairle le múinteoirí, CRS, tuismitheoirí /caomhnóirí (suirbhé ríomhphoist) agus pobal níos leithne (nuachtlitir pharóiste)

Sínithe:	Sínithe: Michelle Ní Thuama
Cathaoirleach, Bord Bainistíochta	Príomhoide
Dáta: 7.9.2022	Dáta: 7.9.2022